**RABHADH**

**NÍ MÓR duit an Ceistepháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒** [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005**

DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH 2005, MAIDIN 9.30 - 12.00

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

## ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## ROINN II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN II A FHREAGAIRT.**

## ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

1. Luaigh na híocaíochtaí atá ann do na tosca táirgeachta seo a leanas.

   Talamh: ______________________________

   Saothar: ______________________________

   Caipiteal: ______________________________

2. Is é an t-athrú is tábhachtaí, le himeacht ama, sa mheascán acmhainní i bhfeirmeoireacht ná go bhfuil caipiteal á chur in ionad ______________________.

3. Cad is Clár Comhordaithe feirme ann? ______________________________

   ______________________________

4. Conas a chuireann séasúracht isteach ar léibhéal na bpraghsanna feirme?

   ______________________________

   ______________________________

5. Luaigh sampla **AMHÁIN** de Imeascadh Ceartingearach i margaíocht talmhaíochta. ______________

   ______________________________

6. Ainmnigh **DHÁ** cheann ar bith de na ceithre P (i mBéarla) sa mheascán margaíochta:

   (i) ______________________________

   (ii) ______________________________

7. Is é ICOS an eagraíocht náisiúnta atá freagrach as ______________________________

8. Tagraíonn Tomhaltas an Tí i gcuntais feirme do ______________________________

   ______________________________

9. Tá Ollchorrlach, lúide Costais Sheasta, cothrom le ______________________________.

10. Más é 4% an ráta úis ainmniúil agus 2.5% an ráta boilscithe, ríomh an fíor-ráta úis.

    ______________________________

11. Luaigh sampla **AMHÁIN** de chostas seasta agus sampla **AMHÁIN** de chostas athraitheach i bhfeirmeoireacht.

Costas Seasta: ____________________________________________

Costas Athraitheach: ______________________________________

12. Cad é 'Árachas Tríú Páirtí'? _________________________________________________

_________________________________________________________________________

13. Mínigh an téarma 'Dímheas'. _________________________________________________

_________________________________________________________________________

14. Luaigh **DHÁ** chúis go n-ullmhaíonn feirmeoirí Cuntais Feirme.

(i) _____________________________________________________________________

(ii) _____________________________________________________________________

15. Baintear úsáid as an téarma ***Táirgiúlacht*** chun cur síos ar chóimheas ________________le ______________.

16. Mínigh an téarma **Fás Geilleagrach** ____________________________________________

_________________________________________________________________________

17. Mínigh an téarma **Forthobhach** i dtáirgeadh bainne.

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

18. Luaigh **DHÁ** chineál ionstraim reachtaíochta a úsáideann an tAontas Eorpach.

(i) _____________________________________________________________________

(ii) _____________________________________________________________________

19. Tomhaiseann an Innéacs Praghsanna Tomhaltais _______________________________________

_________________________________________________________________________

20. Cad é an príomhrud a raibh Thomas Malthus ag plé leis?

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.***

# ROINN II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**1.** **(a)** Déan cur síos ar an mbiashlabhra a chríochnaíonn le mairteoil a cheannaíonn an tomhaltóir.

**(b)** Imlínigh cion tairbhe an fheirmeora don táirge deiridh a cheannaíonn an tomhaltóir.

**(c)** Cén fáth a bhfuil an cion tairbhe seo ag laghdú, le himeacht ama, mar chomhréir den bhiashlabhra iomlán?

**[50 marc]**

**2.** Tá éifeachtaí dearfacha agus diúltacha araon ar fheirmeoireacht in Éirinn, ag teacht as an mborradh i ngeilleagar na hÉireann. Luaigh agus mínigh **DHÁ** éifeacht dhearfacha agus **DHÁ** éifeacht dhiúltacha, de bharr na forbartha seo, ar fheirmeoireacht in Éirinn.


**[50 marc]**

**3.** Taispeánann an léaráid thíos tionchar aistrithe ar dheis i gCuar an tSoláthair ar phraghas:

(i) Earra le héileamh neamhleaisteach (lipéad **$CE_1$**);
(ii) Earra le héileamh níos leaistí (lipéad **$CE_2$ ).**

Cóipeáil an léaráid seo i do fhreagarleabhar agus:

**(a)** Lipéadaigh na haiseanna, cuair an tsoláthair ($S_1$ $S_2$) agus cuair an éilimh ($CE_1$ $CE_2$).
**(b)** Tarraing isteach na praghsanna roimh agus tar éis an aistrithe i soláthar **agus** mínigh do chuid torthaí i ngach cás.
**(c)** Imlínigh **DHÁ** chúis a d'fhéadfadh a bheith le haistriú ar dheis i gCuar an tSoláthair.



**[50 marc]**

**4.** Sceideal an éilimh do im in Éirinn

| Praghas an ime do kg. (€) | Méid Ceannaithe tonaí/annum '000 |
|---|---|
| 3.00 | 50 |
| 2.50 | 55 |
| 2.00 | 60 |
| 1.50 | 65 |
| 1.00 | 70 |

**(a)** Trí úsáid a bhaint as na sonraí sa tábla thuas, déan amach cuar éilimh do im.

**(b)** Mínigh cén fáth a bhfuil claonadh diúltach ag cuar an éilimh.

**(c)** Luaigh **DHÁ** fhachtóir a ghinfeadh aistriú i gcuar an éilimh.

**(d)** Ríomh an t-ioncam a bheadh tuillte ag 60,000 tona.

**[50 marc]**

**5.** **(a)** Tá Foirmiú Caipitil i bhfeirmeoireacht maoinithe as trí fhoinse. Luaigh na **TRÍ** fhoinse.

**(b)** Mínigh **DHÁ** thoisc, a mbeadh tionchar acu ar chinneadh bainisteora bainc chun iasacht a cheadú do fheirmeoir.

**(c)** Idirdhealaigh idir **rótharraingt bhainc** agus **iasacht théarmach**.

**[50 marc]**

**6.** An phríomhghné i leasú an Chomhpholasaí Talmhaíochta le blianta beaga anuas ná laghdú i leibhéal na dtacaíochtaí do phraghsanna, maraon le híocaíochtaí díreacha ioncaim do fheirmeoirí, chun feirmeoirí a chúiteamh i leith na bpraghsanna laghdaithe.

Mínigh an tionchar is dóichí a bhí ag an athrú polasaí seo:

**(i)** ar fheirmeoirí an Aontais Eorpaigh;
**(ii)** ar thomhaltóirí an Aontais Eorpaigh;
**(iii)** ar leibhéal na bPraghsanna Domhanda.

**[50 marc]**

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán